Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

15509/23

LIMITE

EJUSTICE 56
JAI 1487
JURINFO 12

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Straitéis Eorpach don r-Cheartas 2024-2028<br>- Formheas |

1. Tá deireadh ag teacht leis an Straitéis r-Cheartais agus leis an bPlean Gníomhaíochta don tréimhse 2019-2023 agus chomhaontaigh na toscaireachtaí go mbeadh Straitéis r-Cheartais do na blianta atá le teacht úsáideach chun réimse an r-Cheartais a chur chun cinn.

2. Le linn na tréimhse 2019-2023, rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa iarrachtaí suntasacha chun dlús a chur leis an bpróiseas digiteála agus chun úsáid seirbhísí digiteacha sa r-Cheartas a chothú. Cuireadh béim láidir ar ghníomhaíocht reachtach, agus tugadh roinnt tionscnamh reachtach i gcrích, mar shampla an Rialachán[1] maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), lenar cuireadh creat iomchuí ar fáil chun faisnéis bhreithiúnach a mhalartú trí sheirbhísí slána; na Rialacháin maidir le Doiciméid a sheirbheáil[2] agus Fianaise a Ghlacadh[3] lena mbunaítear úsáid an chórais TF dhíláraithe le pointí rochtana idir-inoibritheacha bunaithe ar e-CODEX le haghaidh cumarsáid ábhartha; an Rialachán maidir le r-Fhianaise[4]; agus, go sonrach, an Rialachán agus an Treoir maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann agus rochtain ar cheartas (an 'Pacáiste Digiteála')[5].

3. Tá roinnt tionscnamh neamhreachtach ag gabháil leis na tionscnaimh reachtacha thuasluaite, chomh maith le gníomhartha reachtacha eile lena gcothaítear digitieáil an cheartais.

4. Mheas na toscaireachtaí go rannchuideodh Straitéis r-Cheartais le cur chun feidhme na dtionscnamh reachtach agus neamhreachtach thuasluaite agus go bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh i réimsí nua nó comhlántacha.

PUBLIC

1 Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e- CODEX) agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 150, 1.6.2022, lgh. 1–19

2 Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú), IO L 405, 2.12.2020, lgh. 40–78

3 Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála (fianaise a ghlacadh) (athmhúnlú), IO L 405, 2.12.2020, lgh. 1–39

4 Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla, IO L 191, 28.7.2023, lgh. 118–180

5 Le glacadh ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 4 Nollaig 2023, doiciméid PE-CONS 50/23 agus PE-CONS 51/23 faoi seach

5. Mar obair leantach ar cheardlann a d'eagraigh Uachtaránacht na Seice, chuir Uachtaránacht na Sualainne tús leis an bplé laistigh den Mheitheal um an r-Cheartas, maidir leis an gcur chuige don Straitéis nua r-Cheartais. Leanadh den phlé sin faoi Uachtaránacht na Spáinne a ghlac an dréachtú iarbhír de chúram uirthi féin agus a mhol é do na toscaireachtaí sa Mheitheal um an r-Cheartas.

6. Leagtar amach sa Straitéis nua na prionsabail agus na cuspóirí maidir le forbairtí r-Cheartais san Aontas do na 5 bliana amach romhainn, mar aon leis na gníomhaíochtaí is gá chun na forbairtí sin a bhaint amach, agus leagtar amach inti freisin an chaoi a n-eagrófar an obair leantach amach anseo.

7. Pléadh an dréachtstraitéis ar an leibhéal teicniúil le linn trí chruinniú den Mheitheal um an r-Cheartas. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le téacs na Straitéise ag an gcruinniú deireanach agus trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta le linn na seachtaine an 13 Samhain 2023

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an téacs; agus

– a mholadh go bhformheasfadh an Chomhairle Straitéis Eorpach r-Cheartais 2024-2028 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn thíos.

PUBLIC

PUBLIC

**Straitéis Eorpach don r-Cheartas 2024-2028**

## I. RÉAMHRÁ

1. I dTeideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagail 67-89) déantar foráil maidir le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú, i gcás ina bhfuil ábharthacht ar leith ag baint le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chur i bhfeidhm.

2. Mar chuid den limistéar saoirse, slándála agus ceartais, is buncheart bunúsach é rochtain ar an gceartas san Aontas Eorpach, ceart a chumhdaítear in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus in Airteagal 47 den Chairt araon, lena ráthaítear an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil.

3. Tá méadú tagtha ar an úsáid a bhaintear as modhanna agus uirlisí teicneolaíochta inár sochaithe le blianta beaga anuas, méadú ar cuireadh dlús ar leith léi de bharr phaindéim COVID-19, rud a fhágann go bhfuil ionchais mhéadaitheacha ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí digiteacha.

4. Glacann an córas ceartais, mar sholáthraí seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha, leis an digiteáil agus leis na dúshláin ghaolmhara. Is é is aidhm do dhigiteáil an chóras ceartais rochtain ar cheartas a éascú agus a fheabhsú, an córas ceartais a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, agus obair na ngairmithe ceartais[1] a éascú ag an am céanna, agus é a thabhairt níos gaire do na saoránaigh, agus ar an gcaoi sin seirbhísí ceartais níos fearr a chur ar fáil do chách.

1 Áirítear ar ghairmithe ceartais gach gairmí atá ag gníomhú i réimse an cheartais, lena n-áirítear cleachtóirí dlí.

## A. Comhthéacs

5. Sa Straitéis agus Plean Gníomhaíochta r-Cheartais don tréimhse 2019-2023, cuimsíodh trí chuspóir straitéiseacha atá fós bailí go dtí seo, ba iad sin: rochtain ar fhaisnéis laistigh de réimse an cheartais; cumarsáid leictreonach idir údaráis bhreithiúnacha, saoránaigh agus gairmithe ceartais; agus idir-inoibritheacht idir feidhmeanna agus réimsí breithiúnacha.

6. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le digiteáil an cheartais san Aontas Eorpach[2], cuirtear i dtreis go bhfuil rochtain ar cheartas agus éascú comhair idir na Ballstáit i measc phríomhchuspóirí limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais Eorpaigh.

7. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa chun dlús a chur leis an bpróiseas digiteála agus chun úsáid seirbhísí digiteacha sa r-Cheartas a chothú chun na spriocanna sin a bhaint amach.

8. Tar éis na Teachtaireachta, cuireadh béim láidir ar ghníomhaíocht reachtach in obair an Aontais Eorpaigh maidir le r-Cheartas.

9. Le glacadh an Rialacháin maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX)[3], cuireadh creat iomchuí ar fáil chun faisnéis bhreithiúnach a mhalartú trí sheirbhísí slána.

---

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Digitalisation of justice in the European Union: A toolbox of opportunities* [Digiteáil an cheartais san Aontas Eorpach: Bosca uirlisí de dheiseanna], COM(2020)710 final.

3 Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e- CODEX) agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 150, 1.6.2022, lgh. 1–19

10. Leis na Rialacháin maidir le Doiciméid a Sheirbheáil[4] agus le Fianaise a Ghlacadh[5], bunaítear creat dlíthiúil chun an dá ionstraim comhair bhreithiúnaigh sin a dhigiteáil in ábhair shibhialta agus thráchtála faoina mbeidh úsáid an chórais TF dhíláraithe le pointí rochtana idir-inoibritheacha bunaithe ar e-CODEX le haghaidh cumarsáid ábhartha éigeantach ó mhí na Bealtaine 2025. Is ionstraim bhreise comhair é an Rialachán maidir le r-Fhianaise[6] lena ndéantar an chumarsáid in ábhair choiriúla a dhigitiú.

11. Tá an Rialachán agus an Treoir maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann agus rochtain ar cheartas (an 'Pacáiste Digiteála')[7] ina bpríomhcholúin ar a mbunófar an r-Cheartas sna blianta amach romhainn. Is é cur chun feidhme na ngníomhartha dlí sin an tosaíocht is mó don tréimhse a chumhdaítear leis an Straitéis seo. Ní mór gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh na 24 ionstraim dlí a chumhdaítear leis an bPacáiste Digiteála a phlé i gcoistí le hionadaithe na mBallstát. Ní mór an córas TF díláraithe le haghaidh na n-ionstraimí sin a chur ar bun trí phointí rochtana náisiúnta, lena nascfar cásanna na mbogearraí cur chun feidhme tagartha agus/nó na réiteach náisiúnta. Ag an am céanna, ba cheart prionsabail na cumarsáide leictreonaí chomh maith leis an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach a leagtar amach sa Phacáiste Digiteála a mheas mar bhonn d'aon tionscnamh reachtach nua i réimse an r-Cheartais Eorpaigh.

---

4 Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú), IO L 405, 2.12.2020, lgh. 40–78

5 Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála (fianaise a ghlacadh) (athmhúnlú), IO L 405, 2.12.2020, lgh. 1-39

6 Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla, IO L 191, 28.7.2023, lgh. 118–180

7 PE-CONS 50/23 agus PE-CONS 51/23 faoi seach



PUBLIC

12. Mar thoradh ar an bPacáiste Digiteála, beidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus a n-ionadaithe dlíthiúla in ann cumarsáid a dhéanamh go leictreonach tríd an bpointe rochtana leictreonach Eorpach. Beidh na húdaráis in ann sonraí a mhalartú maidir le hábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla a bhfuil impleachtaí trasteorann acu trí bhealaí digiteacha slána iontaofa.

13. Tá roinnt tionscnamh neamhreachtach ábhartha ag gabháil leis na tionscnaimh reachtacha thuasluaite, chomh maith le gníomhartha reachtacha eile lena gcothaítear digiteáil an cheartais, lena n-áirítear úsáid agus forbairt an chórais e-CODEX a chomhdhlúthú, atá le rialú agus le cothabháil ag eu-LISA tar éis an dearbhaithe ón gCoimisiún Eorpach gur cuireadh an próiseas aistrithe/táthcheangail i gcrích go rathúil in 2024.

14. Beidh ról na mBallstát chomh tábhachtach céanna, ós rud é gur saincheart náisiúnta fós é an nasc le e-CODEX. Trí chórais náisiúnta bhreise a idirnascadh trí e-CODEX, cruthaítear gur féidir le húdaráis inniúla, gairmithe dlíthiúla agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha idirghníomhú ar bhealach tapa slán iontaofa. Ag tógáil ar e-CODEX, tá an Córas um Malartú Digiteach r-Fhianaise (eEDES) ag teacht in aibíocht sna bogearraí cur chun feidhme tagartha, agus tá malartú ionstraimí, mar shampla Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha idir Ballstáit éagsúla, ann cheana féin.

15. Léiríonn gach ceann de na nithe thuas an spreagadh suntasach a tugadh do réimse an r-Cheartais agus an chaoi a bhfuil sé ag athrú de réir a chéile ó chur chuige atá bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach i dtionscnaimh digiteála go cur chuige éigeantach bunaithe ar ghníomhartha reachtacha lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil níos fearr. Léiríonn sé freisin an chéim chun cinn atá déanta chun feabhas a chur ar dhigiteáil an cheartais san Aontas Eorpach.

PUBLIC

16. Gan amhras, tá dúshláin fós le sárú ag an Aontas Eorpach maidir le digiteáil an cheartais a fhorbairt a thuilleadh. Is deis thábhachtach iad na dúshláin sin freisin, agus ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun leanúint dá gcuid oibre chun córais ceartais a nuachóiriú. Tá an creat láidir dlíthiúil agus aibíocht mhéadaitheach roinnt de na príomh-ríomhchórais ríthábhachtach chun an iarracht sin a dhéanamh.

PUBLIC

### B. Raon feidhme

17. Tá feidhm ag an Straitéis sin maidir leis na Ballstáit uile agus ba cheart í a bheith ina spreagadh do ghníomhaithe uile an Aontais Eorpaigh a bhfuil baint acu le próiseas an chlaochlaithe dhigitigh i réimse an cheartais.

18. Beidh feidhm aici ó 2024 go 2028. I bhfianaise luas na bhforbairtí teicneolaíochta, bheadh sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh lena bhféadfaí na cuspóirí straitéiseacha agus na gníomhaíochtaí gaolmhara a choigeartú. Dá bhrí sin, ba cheart meastóireacht agus, b'fhéidir, athbhreithniú a dhéanamh sa dara leath de 2026, chun oiriúnú, más gá, do dhúshláin agus do chumais atá ag teacht chun cinn.

### C. Cuspóir na Straitéise

19. Leis an Straitéis seo, ba cheart an claochlú digiteach leanúnach i réimse an cheartais a threorú ar fud an Aontais Eorpaigh.

20. Go háirithe, is é is aidhm don Straitéis seo cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla agus na prionsabail ba cheart a urramú agus an próiseas claochlaithe dhigitigh sin á chur i gcrích a shainaithint, bearta eagraíochtúla agus modheolaíochta a chur i bhfeidhm, príomhchumasóirí a shainaithint chun digiteáil a éascú agus a chothú, chomh maith le sásraí a chur chun cinn chun comhordú agus obair leantach an dul chun cinn maidir le tionscnaimh r-Cheartais a éascú.

21. Ba cheart gníomhaíochtaí sonracha a bhaineann le saincheisteanna a thagann chun cinn i gcomhthéacs an chlaochlaithe dhigitigh (físchomhdhálacha, comhaid dhigiteacha, etc.) a mheas, agus solúbthacht a cheadú ag an am céanna chun gníomhaíochtaí nua a ionchorprú mar fhreagairt ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, mar shampla an intleacht shaorga (IS).

22. Go háirithe, ba cheart na cuspóirí sin a shaothrú i gcomhthráth leis an gceartas sibhialta agus coiriúil, agus na himpleachtaí sonracha don chlaochlú digiteach sa dá réimse ceartais sin á gcur san áireamh.

23. Ba cheart próiseas leantach a bheith ag gabháil leis na cuspóirí sin agus leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leo chun meastóireacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus ar a n-éifeachtacht. Dá bhrí sin, bheadh sé úsáideach sásra leantach comhoibríoch a chruthú chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Leis an gcleachtadh comhoibríoch sin, ba cheart go mbeifí in ann dul chun cinn a rianú trí fhaisnéis a thiomsú maidir le tionscadail agus tionscnaimh ábhartha a mhaoinítear faoi chláir airgeadais an Aontais Eorpaigh nó a mhaoinítear go náisiúnta, agus ba cheart malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú.

24. Cé go mbaineann tairbhí nithiúla marthanacha le digiteáil an cheartais trí na costais a bhaineann le rochtain ar cheartas agus feidhmiú na gcóras breithiúnach a laghdú, d'fhéadfadh cistiú a bheith ag teastáil le haghaidh infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí éagsúla. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit cistiú a lorg le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le digiteáil an cheartais trí bhíthin na n-ionstraimí éagsúla airgeadais atá sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ba cheart rochtain ar mhaoiniú a éascú.

PUBLIC

## II. NA PRIONSABAIL

### A. Prionsabail shubstaintiúla

a. Urraim do chearta bunúsacha agus do phrionsabail bhunúsacha

25. Chun an digiteáil a chur chun cinn, ní mór díriú go láidir ar éifeachtacht na cosanta a ráthaítear leis na cearta bunúsacha atá ann cheana. Ní mór do thionscnaimh i gcomhthéacs chlaochlú digiteach an cheartais neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú agus an smacht reachta a chomhlíonadh, atá ar cheann de na bunluachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, faoi Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, luachanna atá i gcoiteann i measc na mBallstát. Ba cheart na tionscnaimh sin a bheith faoi réir measúnú cúramach ar a mhéid a chosnaíonn siad cearta gach duine. Ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh go háirithe i gcomhthéacs an cheartais choiriúil, i gcás ina bhféadfadh úsáid teicneolaíochtaí cianchumarsáide rioscaí tromchúiseacha a chruthú do chearta bunúsacha daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, go háirithe an ceart chun triail chóir a fháil, an ceart a bheith i láthair ag an triail agus an ceart chun cosanta. Ina theannta sin, d’fhéadfadh dúshláin agus rioscaí bunúsacha nua a bheith mar thoradh ar theacht chun cinn teicneolaíochtaí nuálacha, mar shampla, sáruithe cibearshlándála, doimhniú na deighilte digití nó idirdhealú neamh-chomhfhiosach mar gheall ar algartaim chlaonta nó tacair sonraí chlaonta.

PUBLIC

b. Rochtain ar an gceartas

26. Is ceart bunúsach breise é rochtain ar an gceartas agus is gné lárnach den smacht reachta í. Tá athrú ó bhonn tagtha ar shaol na ndaoine le blianta beaga anuas de bharr an chlaochlaithe dhigitigh agus go leanfar d'amhlaidh a dhéanamh. Tá na córais bhreithiúnacha ag tabhairt aghaidh ar na héilimh sin atá ag teacht chun cinn agus go bhfuil na féidearthachtaí teicneolaíocha iomchuí á gcur ar fáil do na saoránaigh. Is acmhainneacht ollmhór digiteáil sa bhreise a dhéanamh ar chóras bhreithiúnacha na mBallstát, chomh maith le húsáid IS sna gcórais ceartais, maidir le leanúint de rochtain ar cheartas a éascú agus a fheabhsú do chách ar fud an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, tá cásanna ann inar féidir an Intleacht Shaorga a úsáid chun críocha ísealriosca agus go bhfuil sí an-chabhrach do shaoránaigh agus údaráis bhreithiúnacha araon.

c. Duinelárnach

27. I gcomhréir leis an Dearbhú maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití[8], ba cheart aon iarrachtaí i réimse digiteála an cheartais a dhíriú ar riachtanais an phobail. Is iad na daoine atá i gcroílár an chlaochlaithe dhigitigh san Aontas Eorpach.

28. Tá rochtain ag cách ar sheirbhísí atá dírithe ar dhaoine, cuirtear in oiriúint iad do riachtanais daoine agus comhlíonann siad cáilíochtaí de ardchaighdeán. Ba cheart freastal go cothrom ar riachtanais gach duine, iad siúd nach bhfuil scileanna digiteacha ná uirlisí digiteacha acu san áireamh, trí pháirt a ghlacadh go héifeachtach agus rannpháirtíocht in imeachtaí breithiúnacha a chumasú. Dá bhrí sin, beidh sé ríthábhachtach an fócas a aistriú chuig dearcadh na ndaoine agus córais cheartais a dhéanamh níos inrochtana, níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí chun an mhuinín idir na daoine agus na hinstitiúidí poiblí a neartú.

8 COM(2022) 28 final.



PUBLIC

d. An bhearna dhigiteach a dhúnadh

29. Chun íomhá ceartais atá cothrom a chur chun cinn ar fud na hEorpa, tá sé ríthábhachtach an deighilt dhigiteach a laghdú, rud a chruthaíonn neamhionannas maidir le rochtain ar cheartas. Ní hamháin gur foinse eisiaimh é sin a d'fhéadfadh a bheith ann do shaoránaigh, ach is constaic ar fheidhmiú a gcearta freisin. Cumhdaítear leis an bprionsabal sin freisin an gá atá le hoibriú i dtreo leibhéal ailínithe maidir le digiteáil an cheartais i mBallstáit uile an Aontais. Trí dhea-chleachtais agus iarrachtaí a chomhroinnt, is féidir linn claochlú digiteach an cheartais a chur chun cinn i dteannta a chéile, agus peirspictíocht atá dírithe ar an duine a choinneáil ag an am céanna, lena n-áiritheofar go gcloífear le cearta gach duine agus go ndéanfar iad a chosaint.

e. Úsáideoirí digiteacha a chumhachtú

30. Níl bunscileanna agus acmhainní digiteacha ag 46 % de shaoránaigh na hEorpa[9] faoi láthair. Chun go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as a gcearta agus as a ndeiseanna, ba cheart oiliúint a chur orthu maidir leis na scileanna digiteacha is gá chun rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha. Dá bhrí sin, ní mór cumhachtú digiteach na n-úsáideoirí agus fothú acmhainneachta i measc úsáideoirí a áireamh i gclaochlú digiteach an cheartais. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar oiliúint do ghairmithe ceartais. Cuirfear feabhas ar chumas gairmithe ceartais dul i ngleic go héifeachtach le creataí dlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha araon trí úsáid uirlisí agus acmhainní digiteacha a chur chun cinn ina measc, agus ar an gcaoi sin áiritheofar comhsheasmhacht.

f. Inbhuanaitheacht

31. Ba cheart gach seirbhís r-Cheartais a chur chun feidhme agus a oibriú ar bhealach inbhuanaithe, rud a chiallaíonn gur féidir a tionchar eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a thuar agus go leanfar leis san fhadtéarma.

[9] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/isoc_sk_dskl_i$DV_317/default/table?lang=en



PUBLIC

## B. Prionsabail oibríochtúla

### a. Prionsabal na haonuaire

32. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar phrionsabal na 'aonuaire' agus seirbhísí breithiúnacha á soláthar, chun nósanna imeachta iomarcacha agus ualaí neamhriachtanacha ar shaoránaigh a sheachaint agus chun féachaint le faisnéis atá fós bailí a iontráladh sa chóras a athúsáid, i gcás inar féidir. Tá feidhm ag prionsabal na haonuaire agus urraim á tabhairt don cheart chun príobháideachais sonraí agus don cheart go ndéanfaí ligean i ndearmad.

### b. Digiteach mar réamhshocrú

33. Trí chur chuige 'digiteach mar réamhshocrú' a ghlacadh, déanfar próisis a chuíchóiriú, páipéarachas a laghdú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na n-imeachtaí dlíthiúla. Réiteofar an bealach do chóras ceartais a bheidh níos inrochtana agus níos soláimhsithe don úsáideoir trí sheirbhísí dlí a dhigitiú, rud a rachaidh chun tairbhe do ghairmithe dlí agus an pobal i gcoitinne araon. Ba cheart an córas ceartais nua sin a cheapadh mar sheirbhís dhigiteach, cé gur gá na roghanna malartacha neamhdhigiteacha a choinneáil chun cosaint dlí éifeachtach agus rochtain ar cheartas a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil páirt iomlán a ghlacadh acu i bhforbairtí teicneolaíochta.

### c. Idir-inoibritheacht agus cibearshlándáil

34. I ndomhan ina sreabhann faisnéis gan srian, tá sé ríthábhachtach idir-inoibritheacht a áirithiú idir na córais cheartais[10]. Trí thosaíocht a thabhairt don idir-inoibritheacht, beifear in ann cumarsáid agus seisiún sonraí gan uaim a dhéanamh idir córais éagsúla, feabhas a chur ar chomhordú agus an comhar idir eintitis agus institiúidí dlítheanacha éagsúla agus, ar an gcaoi sin, bacainní idir na córais dlí náisiúnta éagsúla a shárú.

[10] Féach i ndáil leis sin creat idir-inoibritheachta SCE agus prionsabail an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta do sheirbhísí poiblí Eorpacha.

PUBLIC

35. Ina theannta sin, maolaíonn idir-inoibritheacht rioscaí cibearshlándála agus éifeachtaí gaibhnithe ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí chur chuige comhordaithe idir na Ballstáit a ghlacadh. Is ábhar an-íogair í úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i réimse an cheartais, agus dá bhrí sin ní mór caighdeáin úrscothacha a chomhlíonadh maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil[11], agus ní mór cloí go hiomlán leis an reachtaíocht maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí.

d. Ceartas dinimiciúil

36. Ní mór don cheartas a bheith solúbtha agus in oiriúint do riachtanais na sochaí a bhíonn ag síorathrú. Trí chúinsí uathúla daoine aonair agus institiúidí a mheas, lena n-áirítear a gcumais agus a scileanna, agus tríd an t-athrú a bhainistiú go héifeachtach, is féidir linn córas ceartais níos athléimní agus níos freagrúla a fhorbairt a bheidh in oiriúint do riachtanais agus ionchais na n-úsáideoirí.

37. Is féidir le teicneolaíochtaí agus sonraí digiteacha ról tábhachtach a bheith acu sa phróiseas sin. Tá an digiteáil, an anailís ar shonraí agus an IS ag éirí níos neadaithe i seirbhísí ceartais, d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú. Chuir paindéim COVID-19 dúshlán roimh fheidhmíocht na seirbhísí ceartais agus chuir sí dlús le claochlú digiteach na seirbhísí sin, agus ag an am céanna nochtadh na ceisteanna a d'eascair as an athrú sin.

e. Ceartas sonraíbhunaithe

38. Níl amhras ar bith ann ar an tábhacht a bhaineann le cinntí sonraíbhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart bailiú sonraí agus anailís sonraí a áireamh sna tionscnaimh, i measc rudaí eile, ós rud é go bhfuil siad sin ríthábhachtach chun gníomhaíocht a threorú go leordhóthanach, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar rioscaí gaolmhara cuir i gcás claontacht sonraí nó theicneolaíoch.

---

11 Féach freisin i ndáil leis sin Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS).



PUBLIC

39. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm freisin leibhéal trédhearcachta na gcóras ceartais a mhéadú, chun muinín na ndaoine sa cheartas a mhéadú. D'fhéadfadh rochtain ar shonraí ceartais oscailte a spreagadh a bheith ina bhealach chun daoine agus gnólachtaí a chumhachtú, agus ar an gcaoi sin méadófaí, i measc rudaí eile, na féidearthachtaí chun díospóidí a réiteach go neamhspleách. Le rochtain ar shonraí ceartais, is féidir rannchuidiú freisin le bearta níos spriocdhírithe a ghlacadh bunaithe ar na riachtanais agus na dúshláin a sainaithníodh, chomh maith le cuidiú leis na gníomhaíochtaí a thugtar fúthu a mhíniú. Tá sé tábhachtach sonraí ceartais a úsáid chun tionscnaimh nua a cheadú agus chun sineirgí a chothú idir tionscnaimh den sórt sin.

PUBLIC

40. Ní mór cosaint sonraí agus cibearshlándáil leordhóthanach a áirithiú, i gcás ar bith.

f. Foinse oscailte

41. Tá méadú ag teacht ar an aitheantas atá á thabhairt san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit don tábhacht a bhaineann le bogearraí a chruthú agus a úsáid faoi cheadúnais foinse oscailte i gcomhthéacs creat cosanta sonraí iomchuí. Tá buntáistí na foinse oscailte – mar shampla costas iomlán úinéireachta níos ísle, spreagadh nuálaíochta agus trédhearcacht agus idir-inoibritheacht fheabhsaithe – an-ábhartha d'earnáil an cheartais. Ina theannta sin, is féidir le foinse oscailte cur le grinnscrúdú ar an t-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach, agus muinín iontu.

## III. <u>CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS OIBRÍOCHTÚLA</u>

42. Ní mór go mbeadh sé d'aidhm ag cuspóir foriomlán an r-Cheartais feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí ceartais don phobal d'fhonn an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a éascú. Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas a shaothrú:

(a) Rochtain ar cheartas digiteach a fheabhsú

(b) An comhar breithiúnach digiteach a fheabhsú

(c) An ceartas digiteach a dhéanamh níos éifeachtúla

(d) Ceartas digiteach nuálach a chur chun cinn

43. Is féidir na cuspóirí straitéiseacha sin a mhiondealú de réir na gcuspóirí oibríochtúla seo a leanas:

**A. Rochtain ar cheartas digiteach a fheabhsú**

44. Chun ceartas digiteach atá dírithe ar an duine a chur san áireamh, ní mór gach gníomhaí agus a riachtanais a chur san áireamh, gan aon duine a fhágáil ar lár. Is féidir an cuspóir straitéiseach sin a mhiondealú ina roinnt cuspóirí oibríochtúla.

i. Rochtain uilíoch ar cheartas digiteach a chur chun cinn

45. Is ceart bunúsach é rochtain ar an gceartas, agus is ceann de bhunphrionsabail an smachta reachta é. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé ina phríomhchuspóir rochtain uilíoch ar cheartas, ceartas digiteach san áireamh, a áirithiú san Aontas Eorpach.

46. Chun rochtain a éascú do chách, tá tábhacht mhór ag baint leis an Tairseach Eorpach don r-Cheartas[12] agus lena seirbhísí coimhdeacha uile, lena n-áirítear an pointe rochtana leictreonach Eorpach atá ar na bacáin, mar ionad ilfhreastail le haghaidh seirbhísí ceartais dhigitigh.

ii. Seirbhísí ceartais dhigitigh breisluacha a chur chun cinn

47. Ba cheart seirbhísí ceartais a dhearadh i gcónaí ó thaobh na ndaoine aonair agus na ngairmithe ceartais de, ionas go mbeidh siad feidhmiúil agus go gcuirfidh siad fíor-bhreisluach ar fáil d'úsáideoirí.

iii. An tairseach don r-Cheartas agus EUR-Lex a fheabhsú agus a chur chun cinn

48. Tá sé léirithe go bhfuil an Tairseach don r-Cheartas agus EUR-Lex luachmhar ó thaobh rochtain ar an gceartas a éascú agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais a fheabhsú. Cuireann siad rochtain ar fhaisnéis éagsúil ar fáil agus óstálann siad córais éagsúla ar líne. Tá siad ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

12 https://e-justice.europa.eu/home?action=home



PUBLIC

49. San am atá caite, díríodh sna hiarrachtaí ar an méid faisnéise atá ar fáil ar an Tairseach don r-Cheartas a mhéadú. Anois, ní mór díriú san obair ar struchtúr na Tairsí a fheabhsú ionas go mbeidh rochtain éasca ag gach duine ar an ábhar, agus úsáid á baint as teanga shimplí a bhfuil tuiscint ag gach duine uirthi. Is Tairseach don r-Cheartas atá tarraingteach, cuíchóirithe agus inrochtana an aidhm. Tá sé tábhachtach go leanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach de bheith i dteagmháil faoi na Tairsí agus iad a chur chun cinn do dhaoine, gnólachtaí agus gairmithe ceartais.

iv. An bhearna dhigiteach a dhúnadh chun rochtain a fháil ar an gceartas digiteach

50. Chun rochtain uilíoch a fháil ar sheirbhísí ceartais dhigitigh, is gá deireadh a chur leis na bacainní uile atá ann cheana lena gcuirtear cosc ar gach duine ar théarmaí comhionanna rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin.

51. Tá sé ríthábhachtach rochtain ar uirlisí ceartais dhigiteacha agus neamh-idirdhealú maidir le rochtain ar cheartas digiteach a áirithiú ó chéim an deartha ar aghaidh chun an sprioc sin a bhaint amach.

v. Daoine, gnólachtaí agus gairmithe ceartais a chumhachtú

52. Cuideoidh gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus oiliúna le húsáideoirí na deiseanna a ghabhann leis an gclaochlú digiteach a thapú, trí sheirbhísí poiblí éifeachtacha agus ardcháilíochta i réimse an cheartais a chur ar fáil dóibh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an oiliúint tosaigh agus leanúnach a chuirtear ar ghairmithe ceartais, lena dtacaítear le forbairt scileanna gairmiúla digiteacha, i gcomhréir le straitéisí Eorpacha um oiliúint bhreithiúnacha.

**B. An comhar breithiúnach digiteach a fheabhsú**

53. Tá go leor de phríomhchuspóirí an cheartais dhigitigh chomhoibríoch leagtha síos in ionstraimí dlí, go háirithe sa Phacáiste Digiteála.

54. Beidh cuid shuntasach d'iarrachtaí na mBallstát tiomanta, sna blianta amach romhainn, do chomhlíonadh na spriocanna uaillmhianacha bunaithe sa Phacáiste sin, ach d'fhéadfadh dúshláin bhreise teacht chun cinn i gcomhthéacs go ndéanfaí an comhar breithiúnach digiteach a fheabhsú tuilleadh.


PUBLIC

i. Idir-inoibritheacht trasteorann a fheabhsú

55. Leis na gníomhartha reachtacha maidir le digiteáil, mar shampla an Pacáiste Digiteála agus an Rialachán e-CODEX, réitítear an bealach don idir-inoibritheacht bhreithiúnach trasteorann, lena moltar níos mó ná 20 ionstraim comhair bhreithiúnaigh a dhigiteáil. Ba cheart an mbeadh an Pacáiste Digiteála ina thagairt d'aon reachtaíocht bhreise i réimse an r-Cheartais san Aontas Eorpach.

56. Ina theannta sin, léiríonn tionscnaimh rathúla na mBallstát a mhalartaíonn fíorchásanna ar e-CODEX trí úsáid a bhaint as a gcórais náisiúnta nó as an mbogearra cur chun feidhme tagartha atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach na colúin trína dtacófar le claochlú digiteach na gcumarsáidí breithiúnacha. I bhfianaise an mhéid sin, tá idir-inoibritheacht ar leibhéal sonraí agus feidhmiúil idir córais na mBallstát agus idir córais institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh freisin le háirithiú.

57. Mar a luadh cheana, beidh cur chun feidhme an Phacáiste Digiteála ar cheann de na cúraimí tosaíochta a dtabharfar aghaidh orthu. Chuige sin, beidh gá le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh 24 ionstraim dlí in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla agus córais TF dhíláraithe chomhfhreagracha a fhorbairt ina mbeidh cur chun feidhme tagartha agus/nó cur chun feidhme náisiúnta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gceithre bhaisc idir seo agus deireadh thréimhse na Straitéise in 2028, agus cuirfear gach córas TF comhfhreagrach i bhfeidhm 2 bhliain tar éis ghlacadh na baisce ábhartha. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le hinfheistíocht shuntasach ó thaobh ama agus acmhainní de ón gCoimisiún Eorpach, na Ballstáit agus eu-LISA. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaidh na gníomhaithe uile gealltanas maidir leis an gcúram sin agus, i measc rudaí eile, saineolaithe a cheapadh a bheidh inniúil chun digiteáil na n-ionstraimí dlí ábhartha a phlé.

58. Ar deireadh, réiteofar le digiteáil caighdeánaithe na n-ionstraimí maidir le comhar breithiúnach an bealach d'idir-inoibritheacht an cheartais a bhfuil réimsí eile aici amach anseo.

PUBLIC

ii. Seirbhísí cumarsáide fíor-ama

59. Sa saol digiteach atá ag teacht chun cinn, tá ról lárnach ag seirbhísí cumarsáide fíor-ama maidir leis an gcomhar breithiúnach digiteach a fheabhsú. Tá físchomhdháil ar cheann de na seirbhísí sin, seirbhís a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh cheana féin ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó an Aontais Eorpaigh.

60. Ráthaítear leis an iliomad dúshlán atá romhainn, cuir i gcás rannpháirtithe a shainaithint, agus a thábhachtaí atá an fhíschomhdháil sa Phacáiste Digiteála, go leanfaidh an cuspóir sin de bheith tábhachtach sna blianta atá le teacht. Sampla eile is ea an ateangaireacht dhigiteach fíor-ama trí úsáid a bhaint as IS, rud a d'fhéadfadh, agus urraim á tabhairt do chearta bunúsacha an duine atá á éisteacht, cabhrú leis na húdaráis bhreithiúnacha i gcomhthéacs éisteachtaí pearsanta agus éisteachtaí cianda agus costais, moilleanna agus deacrachtaí maidir le hateangairí a shainaithint á seachaint ag an am céanna.

**C. An ceartas digiteach a dhéanamh níos éifeachtúla**

61. Tá go leor gnéithe ag baint le héifeachtúlacht, ach bíonn Aontas Eorpach atá níos fearr agus níos inbhuanaithe mar thoradh orthu go léir.

i. Ceartas atá dírithe ar shonraí a chur chun cinn

62. Ba cheart féachaint ar cheartas atá dírithe ar shonraí a chruthú mar sprioc thrasearnálach a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis i dtaobh go leor peirspictíochtaí. Cuireann sonraí deiseanna iontacha ar fáil chun éifeachtúlacht agus cáilíocht earnáil an cheartais a fheabhsú:

(a) Ó thaobh ginearálta de, trí shonraí ceartais a chuir ar fáil, agus rialacha cosanta sonraí á gcur san áireamh, cothaítear trédhearcacht, ar luach bunúsach san Aontas Eorpach é.

(b) Ó thaobh na heacnamaíochta de, fágann sonraí oscailte gur féidir samhlacha nua gnó a ghiniúint, ós rud é go bhfothaíonn sonraí an chuid is mó dár bpríomhchumasóirí digiteacha, mar shampla an IS.

PUBLIC

(c) Braitheann forbairt na gcóras intleachta saorga, den chuid is mó, ar infhaighteacht chuimsitheach tacar sonraí mór struchtúrtha meaisín-inléite. Agus cinneadh á dhéanamh na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí, ní mór aird a thabhairt ar chlaontachtaí neamhbheartaithe a mhaolú a mhéid is féidir agus ar riosca an idirdhealaithe neamhaireach a íoslaghdú.

(d) Ó thaobh na teicneolaíochta de, déantar idir-inoibritheacht a éascú trí fheidhmchláir agus seirbhísí ceartais a dhíriú ar shonraí.

(e) Ó thaobh an riaracháin de, trí thionscnaimh a dhíriú ar shonraí rannchuidítear le cinnteoireacht fheasach agus le rogha tosaíochtaí níos fearr.

(f) Ón taobh sóisialta de, trí thionscnaimh a dhíriú ar shonraí, cuidítear le béim a leagan ar thairbhí an cheartais dhigitigh (mar shampla, astaíochtaí carbóin a laghdú, taisteal a laghdú, etc.).

ii. Teicneolaíochtaí le haghaidh éifeachtúlacht an cheartais dhigitigh

63. Tá teicneolaíochtaí ann ar léir go gcuireann siad feabhas ar éifeachtúlacht i réimse an cheartais. Mar liosta neamh-uileghabhálach d’uirlisí chun éifeachtúlacht a mhéadú go rathúil, is fiú béim a leagan ar theicneolaíochtaí cosúil le hanaithnidiú cinntí cúirte, leithdháileadh uathoibríoch cásanna, uirlisí tras-scríofa chun imeachtaí a thaifeadadh agus fianaise arna bailiú ag an gcúirt, uathoibriú próisis róbat, agus uirlisí réitigh díospóidí ar líne.

64. Cuidíonn na teicneolaíochtaí sin agus go leor eile le feabhas a chur ar na próisis atá ann cheana agus le héifeachtúlacht an cheartais a mhéadú, trí oibrithe cúirte a shaoradh chun dul i ngleic le cúraimí a bhfuil breisluach níos airde ag baint leo.

iii. Digiteáil roinnt gníomhaíochtaí duine le duine sa cheartas a chur chun cinn

65. Tá an domhan ag athrú go tapa i dtreo na digiteála iomláine, agus ní mór réimse an cheartais a chur in oiriúint don réaltacht sin. I ndáil leis an méid sin, mar liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí, d’fhéadfadh sé gur gá athmhachnamh a dhéanamh ar chúnamh duine le duine do shaoránaigh, ar nósanna imeachta riaracháin éigeantacha duine le duine nó ar nósanna imeachta breithiúnacha duine le duine ina n-iomláine.



PUBLIC

66. Ní chiallaíonn sé seo gur cheart droim láimhe a thabhairt do bhealaí duine le duine. Tá teagmháil duine le duine riachtanach i gcásanna áirithe agus cruthaíonn sé tuiscint ar cheartas an duine. Mar sin féin, ba cheart bealaí digiteacha a úsáid ar bhonn níos forleithne.

**D. Ceartas digiteach nuálach a chur chun cinn**

67. Níor cheart do theicneolaíochtaí nua cur isteach ar chearta daoine aonair, agus ní mór iad a úsáid agus lánurraim á tabhairt don cheart chun triail chóir a fháil agus don cheart chun cosanta mar a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt, agus in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine freisin.

68. Sa chiall sin, tá ról ceannasach glactha ag an Aontas Eorpach maidir le teicneolaíochtaí claochlaitheacha a thabhairt le chéile le cearta agus saoirsí bunúsacha agus maidir le coimircí a áirithiú in aghaidh rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

i. Giaráil teicneolaíochtaí nuálacha

69. Is bunchuspóir é glacadh le teicneolaíochtaí nuálacha mar dheiseanna chun an ceartas a thabhairt níos gaire do na saoránaigh, chun feidhmiú na gcúirteanna a fheabhsú agus chun cabhrú le breithiúna ina gcuid oibre laethúla, i measc samplaí eile. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach freagrach lena n-urramaítear rialacha agus luachanna an Aontais Eorpaigh.

ii. Malartú taithí nuálaí a chur chun cinn

70. Ní bhaineann an nuálaíocht amháin le suaitheadh agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Is cineál nuálaíochta é rudaí a dhéanamh ar bhealaí éagsúla freisin, go háirithe má thagann feabhas ar réimse an cheartais dá bharr.

71. Dá bhrí sin, is féidir le cur chun cinn malartú taithí nuálaí i measc na mBallstát a bheith chun tairbhe an dá thaobh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon. Mar shampla, d'éirigh go han-mhaith leis na comhdhálacha a d'eagraigh Uachtaránachtaí rothlacha na Comhairle, chomh maith leis na seimineáir ghréasáin a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach maidir le húsáidí éagsúla le haghaidh na hintleachta saorga i réimse an cheartais nó i bhfóraim eile a raibh saineolaithe páirteach iontu.

PUBLIC

72. Ba cheart tairbhí inbhraite a bheith mar thoradh air sin go léir do chách (gairmithe ceartais, gnólachtaí, saoránaigh, na Ballstáit agus an tAontas Eorpach), agus dlús á chur leis an gclaochlú digiteach, agus éifeachtúlacht á feabhsú, as a n-eascróidh bailiú taithí luachmhaire, feabhas ar rochtain ar fhaisnéis bhreithiúnach, próiseáil cásanna breithiúnacha trasteorann a éascú agus coincheapa agus nósanna imeachta breithiúnacha a chomhchuibhiú ar fud an Aontais Eorpaigh.

73. Tá comhlacht ullmhúcháin Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bhíonn ag déileáil leis an r-Cheartas tar éis é féin a bhunú mar fhóram chun ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le dúshláin dhlíthiúla agus fhíorasacha a phlé. D'fhéadfadh an dul chun cinn easpónantúil sa mhargadh teicneolaíochta dlí athrú ó bhonn a dhéanamh ar an mbealach ina bhfeidhmíonn an tsochaí agus go háirithe ar fheidhmiú an chórais ceartais. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa Mheitheal ábhartha ar cheisteanna bunúsacha a bhaineann le teicneolaíochtaí claochlaitheacha a chur i bhfeidhm agus a úsáid.

## IV. PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

### A. Cuspóir

74. Is é is aidhm don phlean gníomhaíochta seo na bearta is gá a shainaithint chun na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis a bhaint amach. Chuige sin, fágann sé gur féidir gníomhaíochtaí a ionchorprú go dinimiciúil chun ailíniú le gníomhaíochtaí leanúnacha agus le gníomhaíochtaí atá sceidealaithe do na blianta atá le teacht nó le gníomhaíochtaí nach bhfuil eolas ann fúthu go fóill. Ina theannta sin, bunaítear leis sásra lenar féidir nuashonrú rialta a dhéanamh ar na tionscnaimh a dtugtar fúthu chun na cuspóirí a leagtar amach i roinn 3 den Straitéis seo a chomhlíonadh.

75. Sainaithnítear sa phlean gníomhaíochta na gníomhaíochtaí agus na réimsí oibre atá ar siúl faoi láthair agus a bhfuiltear ag súil leo. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gach gníomhaíocht, tionscadal agus tionscnamh, cibé acu atá siad san áireamh sa phlean gníomhaíochta nó atá beartaithe lena gcuimsiú, na cuspóirí sin a bhaint amach agus na prionsabail a leagtar amach i roinn 2 den Straitéis seo á gcomhlíonadh ag an am céanna.

PUBLIC

76. Tá tionscadail agus tionscnaimh r-Cheartais bunaithe ar phrionsabal na gníomhaíochta deonaí, ach amháin i gcásanna ina bhforchuireann ionstraim dlí shonrach oibleagáidí. Tá an dá ghníomhaíocht éigeantacha (iad siúd a thagann as gníomhartha dlíthiúla), agus gníomhaíochtaí neamhéigeantacha nasctha le réimse oibre amháin nó níos mó.

PUBLIC

77. Tá sé beartaithe leis an bplean gníomhaíochta a ráthú go leanfar de na hiarrachtaí a tionscnaíodh faoin bplean gníomhaíochta roimhe seo (Plean Gníomhaíochta 2019-2023), agus cur chuige níos solúbtha á ghlacadh ag an am céanna. In ionad tionscadail agus tionscnaimh shonracha a liostú, díríonn sé ar na gníomhaíochtaí a shainaithint ina bhféadfaí tionscadail agus tionscnaimh éagsúla a chur san áireamh.

78. Is é is aidhm don chur chuige sin struchtúr níos fearr a chur ar an obair ó thaobh sineirgí, comhordú, faireachán agus tuairisciú de, chun rialachas foriomlán a éascú agus solúbthacht a choinneáil.

**B. Réimsí oibre agus gníomhaíochtaí a shainaithint**

79. Is iad seo a leanas na príomhréimsí oibre a sainaithníodh i réimse an r-Cheartais:

(1) e-CODEX: tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras TF díláraithe, lena n-áirítear idir-inoibritheacht agus próifílí agus gnéithe slándála

(2) An tairseach r-Cheartais: seirbhísí faisnéise agus idirnaisc le foinsí seachtracha

(3) Pointí rochtana leictreonacha: tairseacha nós imeachta agus seirbhísí gaolmhara comhéadain úsáideora

(4) Feidhmeanna Fíor-Ama: físchomhdháil, tras-scríobh agus aistriúchán meaisín, ateangaireacht agus feidhmeanna eile fíor-ama

(5) Sonraí: dlí agus cásdlí; sonraí dlíthiúla agus breithiúnacha

(6) An intleacht shaorga agus seirbhísí nuálacha eile TF i réimse an cheartais

(7) Réimsí eile oibre

80. Sna réimsí oibre sin, déantar na gníomhaíochtaí atá le déanamh a ghrúpáil de réir téama chun cuspóirí na Straitéise a bhaint amach.

81. Is é an bunchritéar ginearálta chun gníomhaíocht nua a shainaithint go bhfuil sí ailínithe le cuspóir straitéiseach agus oibríochtúil. Ba cheart do na gníomhaíochtaí díriú ar na cuspóirí sin a bhaint amach.

82. Gan dochar do ghníomhaíochtaí nua a chur san áireamh amach anseo, tá liosta cuimsitheach sa tábla seo a leanas de na gníomhaíochtaí sainaitheanta, arna n-aicmiú de réir réimsí oibre, atá ann cheana nó a bhfuiltear ag súil leo sa ghearrthéarma. Ós rud é go n-eascraíonn sciar suntasach de na hiarrachtaí atá le déanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh sna blianta atá le teacht ó ghníomhartha dlí, tagann gníomhaíochtaí áirithe go díreach uathu.

83. Gan dochar do na gníomhaithe dá dtagraítear sa chúigiú colún, ní mór a chur san áireamh, i gcomhréir lena sainordú, gur cheart don Mheitheal inniúil obair leantach a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla an Aontais Eorpaigh i réimse dhigiteáil an cheartais.

PUBLIC

| Cuspóirí straitéiseacha | Cuspóirí oibríochtúla | Príomhréimse oibre | Gníomhaíochtaí | Gníomhaithe atá rannpháirteach |
|---|---|---|---|---|
| A. Rochtain ar cheartas digiteach a fheabhsú | A.i. Rochtain uilíoch ar cheartas digiteach a chur chun cinn | 2, 3 | An pointe rochtana leictreonach Eorpach agus na pointí rochtana leictreonacha náisiúnta a dhearadh, a chur chun feidhme agus a oibriú | COM[13]/BS[14] |
| | A.ii. Seirbhísí ceartais dhigitigh breisluacha a chur chun cinn | Uile | Measúnú a dhéanamh ar na tairbhí d'úsáideoirí deiridh<br><br>Aiseolas ó úsáideoirí a bhailiú | COM/BS |
| | A.iii. An tairseach don r-Cheartas agus EUR-Lex a fheabhsú agus a chur chun cinn | 2, 5 | Feabhas a chur ar inneachar, ar inrochtaineacht agus ar inoibritheacht na Tairsí don r-Cheartas | COM/BS |
| | | 2, 5 | Feabhas a chur ar inneachar, inrochtaineacht agus inoibritheacht EUR-Lex | Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh |

13 an Coimisiún Eorpach
14 Ballstáit an Aontais Eorpaigh

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | A.iv. An bhearna dhigiteach a dhúnadh chun rochtain a fháil ar an gceartas digiteach | 7 | Feabhas a chur ar inrochtaineacht tairseach náisiúnta agus seirbhísí eile r-Cheartais | COM/BS |
| | | 2, 3, 4, 6 | Cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí trí chúntóirí comhrá (botaí comhrá, lena n-áirítear cinn atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga), agus rochtain na saoránach ar fhaisnéis bhreithiúnach á héascú | COM/BS |
| | | Uile | Tacú le rochtain ar ábhar TF d'úsáideoirí | BS |
| | | 7 | Rochtain chomhionann ar sheirbhísí ceartais dhigitigh a chinntiú ar fud an Aontais | COM/BS |
| | A.v. Daoine, gnólachtaí agus gairmithe ceartais a chumhachtú | 7 | Oiliúint a chur ar ghairmithe ceartais | COM/BS |
| | | 7 | Gníomhaíochtaí chun scileanna úsáideoirí a fheabhsú chun rochtain ar cheartas trí mhodhanna digiteacha a fheabhsú | COM/BS |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| B. An comhar breithiúnach digiteach a fheabhsú | B.i. Idir-inoibritheacht trasteorann a fheabhsú | 1 | Cásanna úsáide nua a dhearadh agus a thástáil lena n-éascaítear idir-inoibritheacht | BS |
| | | 1, 3, 4 | An reachtaíocht is infheidhme maidir le comhar breithiúnach trasteorann a chur chun feidhme (mar shampla, an Rialachán maidir le Digiteáil agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann leis agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo) | BS |
| | | 1, 3 | pointe rochtana e-CODEX a imscaradh | BS |
| | | 5 | Cláir a idirnascadh | COM/BS |
| | | 1, 2, 5 | Úsáid an Aitheantóra Cásdlí Eorpaigh (ECLI[15]) a chur chun cinn | COM/BS |
| | B.ii. Seirbhísí cumarsáide fíor-ama | | Seomraí cúirte digiteacha a chur chun cinn | BS |
| | | 4 | Idir-inoibritheacht físchomhdhála a fheabhsú (e.g. ceanglais, caighdeáin nó uirlisí coiteanna chun éisteachtaí cianda a reáchtáil) | COM/BS |

PUBLIC

15 Agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) agus tacar íosta de mheiteashonraí aonfhoirmeacha le haghaidh cásdlí https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52019XG1024(01) mar thagairt

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| C. An ceartas digiteach a dhéanamh níos éifeachtúla | C.i. Ceartas atá dírithe ar shonraí a chur chun cinn | 5 | Bailiú agus úsáid sonraí dlíthiúla agus breithiúnacha a fheabhsú | BS/Oifig na bhFoilseachán |
| | | 5 | Sonraí oscailte agus trédhearcacht a sholáthar | BS/Oifig na bhFoilseachán |
| | C.ii. Teicneolaíochtaí le haghaidh éifeachtúlacht an cheartais dhigitigh | 2, 3 | Úsáid ríomhshínithe agus ríomhshéalaí a chur chun feidhme agus a chur chun cinn<br><br>Sainaithint agus fíordheimhniú úsáideora a láimhseáil<br><br>Toiliú an úsáideora a láimhseáil | COM/BS<br><br>COM/BS<br><br>COM/BS |
| | | 2, 3 | Réitigh a cheadú lena gcumasófar táillí a íoc go leictreonach | COM/BS |
| | | Uile | Gníomhaíochtaí ceartais a uathoibriú | BS |
| | C.iii. Digiteáil roinnt gníomhaíochtaí duine le duine sa cheartas a chur chun cinn | 7 | Ciannósanna imeachta digiteacha a fhorbairt agus a chur chun cinn sa cheartas (i gcás inar féidir) | BS |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| D. Ceartas digiteach nuálach a chur chun cinn | D.i. Giaráil teicneolaíochtaí nuálacha | 6 | Reimsí cur i bhfeidhm a shainaithint agus an intleacht shaorga a chur i bhfeidhm go sábháilte i réimse an cheartais, lena n-áirítear, ach ní hamháin: chun cinntí breithiúnacha a anaithnidiú agus bréagainmniú a dhéanamh orthu; mar uirlis tras-scríofa chun imeachtaí a thaifeadadh agus chun fianaise arna bailiú ag an gcúirt a dhoiciméadú (aithint cainte agus téacs go caint); le haghaidh aistriúcháin; chun anailís dhlíthiúil a dhéanamh ar rudaí e.g. cásdlí agus foinsí mórshonraí; chun teidlíochtaí cúitimh a ríomh, e.g. cearta paisinéirí nó a leithéidí | COM/BS |
| | D.ii. Malartú taithí nuálaí a chur chun cinn | Uile | Dea-chleachtais a roinnt laistigh de Mheitheal inniúil na Comhairle agus laistigh d'fhóraim eile | BS |
| | | Uile | Faisnéis faoi thionscadail náisiúnta agus ilnáisiúnta a éascú agus a mhalartú | BS |
| | | Uile | Frithpháirtiú agus athúsáid réiteach digiteach a éascú i measc na mBallstát | BS |
| | | Uile | Nuachtlitir a chruthú chun taithí ar thionscnaimh leanúnacha, ar dhea-chleachtais agus ar fhorbairtí is déanaí a roinnt | BS/PCY[16] |

[16] An Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.



PUBLIC

C. Tionscadail agus tionscnaimh a shainaithint

84. Is iad seo a leanas na critéir maidir le tionscadal nó tionscnamh a áireamh chun tacú le gníomhaíocht:

a. Ní mór don tionscadal nó don tionscnamh rannchuidiú go gníomhach le cuspóirí na Straitéise a bhaint amach agus ní mór dó a bheith bainteach le gníomhaíocht shonrach.

b. Déanfar an tionscadal nó an tionscnamh a óstáil laistigh den limistéar oibre comhfhreagrach atá nasctha leis an gcuspóir oibríochtúil. Mura bhfuil an limistéar oibre ann, déanfar é a chatagóiriú faoi 'réimsí oibre eile'.

c. Ní mór don tionscadal nó don tionscnamh tairbhí a bhaint amach laistigh dá limistéar oibre ainmnithe don oiread Ballstát agus is féidir. Tugtar le tuiscint leis sin gur cheart na torthaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt leis na Ballstáit uile atá rannpháirteach sa réimse oibre.

d. Ba cheart don tionscadal nó don tionscnamh cloí leis na rialacha maidir le tuairisciú, faireachán agus comhordú a bhaineann go sonrach lena limistéar oibre féin.

85. Ní bhaineann an mhodheolaíocht sin le modheolaíocht an phlean gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo, plean ina raibh liosta uileghabhálach de thionscadail. Ina ionad sin, tugann sé tús áite don chumas freagairt go pras ar chúinsí athraitheacha mar shampla gníomhartha dlí nua a thabhairt isteach, nuálaíochtaí teicneolaíochta nó bacainní gan choinne.

**V. Sásra leantach**

86. Tá sé i gceist leis an Straitéis seo an bhunobair a bhunú le haghaidh sásra leantach ina leagtar amach na critéir ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar thionscadail agus ar thionscnaimh. Cé go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais Eorpaigh i gceist leis sin, ba cheart é a cheapadh ar bhealach a sheachnóidh ualach riaracháin míchuí a fhorchur.

PUBLIC

87. Feabhsófar gníomhaíochtaí comhordaithe trí shásra aonfhoirmeach leantach a ionchorprú le haghaidh na dtionscadal agus na dtionscnamh go léir. Ina theannta sin, déanfaidh sé faireachán ar dhul chun cinn, bunú tosaíochta, agus pleanáil agus comhordú i measc na mBallstát agus/nó institiúidí nó comhlachtaí an Aontais Eorpaigh a chuíchóiriú agus dúbláil na n-iarrachtaí a íoslaghdú ag an am céanna.

88. Nuair a shainaithnítear tionscadal nó tionscnamh, ba cheart é a áireamh sa sásra leantach faoin gcuspóir straitéiseach comhfhreagrach, faoin gcuspóir oibríochtúil comhfhreagrach agus faoin ngníomhaíocht chomhfhreagrach. Ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a bheith san fhaisnéis atá le soláthar le haghaidh gach tionscadail nó tionscnaimh:

a. Cur síos

b. Raon feidhme agus cuspóir

c. Cuspóir straitéiseach agus oibríochtúil comhfhreagrach

d. Limistéar oibre comhfhreagrach/limistéir oibre chomhfhreagracha

e. Na tairbhí a bhfuil coinne leo

f. Ballstáit agus/nó eagraíochtaí rannpháirteacha, le cur síos gairid ar róil agus ar fhreagrachtaí gach páirtí (go háirithe i gcás ina bhfuil róil éagsúla acu)

g. Amlínte

h. Foinsí cistiúcháin (cistiú ón Aontas nó cistiú eile)

i. Idirthuilleamaíochtaí agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le tionscadail eile (más infheidhme)

j. Stádas

89. Ba cheart do na daoine agus na heintitis atá freagrach as gach tionscadal nó tionscnamh an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad. Ba cheart é sin a dhéanamh gan dochar d’oibleagáidí tuairiscithe is infheidhme i gcomhthéacsanna eile (mar shampla, an Scórchlár Ceartais) nó dá bhforáiltear i ngníomhartha reachtacha, agus ba cheart dúbláil iarrachtaí a sheachaint.

90. Ba cheart d'Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh an Mheitheal inniúil a chur ar an eolas go rialta maidir le dul chun cinn agus torthaí na dtionscadal agus na dtionscnamh a áirítear sa sásra leantach. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin treoir ar fáil maidir le hobair r-Cheartais, i gcomhréir leis an Straitéis seo.

91. Ba cheart uirlis leantach chomhoibríoch a chur ar fáil chun críoch tuairiscithe chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú. Ba cheart d'Ardrúnaíocht na Comhairle cúnamh a thabhairt don Uachtaránacht tríd an uirlis leantach a óstáil agus a áirithiú.

92. Ba cheart do Mheitheal inniúil na Comhairle tograí chun tionscadail nó tionscnaimh a áireamh sa sásra leantach a anailísiú agus a chinneadh.

93. Ba cheart cuireadh a thabhairt don Choimisiún Eorpach freisin na Ballstáit a chur ar an eolas faoi staid na himeartha agus faoi thorthaí a chuid tionscadal nó tionscnamh.

---

PUBLIC